Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5426/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0383(NLE)**

**JAI 52**
**COPEN 13**
**CYBER 6**
**ENFOPOL 26**
**TELECOM 5**
**EJUSTICE 1**
**DATAPROTECT 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14614/21 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear an Dara Prótacal i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht<br>– Glacadh |

1. An 6 Meitheamh 2019, ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear don Choimisiún páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir leis an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí ('an Prótacal'), Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht.

2. Is éard is aidhm don Phrótacal rialacha comhchoiteanna a chur ar fáil ar an leibhéal idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar chomhar i ndáil leis an gcibearchoireacht agus ar bhailiú fianaise i bhfoirm leictreonach le haghaidh imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla.

3. Ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa téacs an Phrótacail an 17 Samhain 2021 agus osclaíodh é lena shíniú an 12 Bealtaine 2022.

4. An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:

   a) Togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a shíniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht (14612/21 + ADD 1)

   b) Togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht (14614/21 + ADD 1 + ADD 2)

5. Ag an gcruinniú a bhí ag COPEN an 11 Márta 2022 maidir le r-fhianaise, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le téacs na gCinntí ón gComhairle atá beartaithe, ach roinnt modhnuithe a dhéanamh air. Leagtar amach na téacsanna a d'eascair as an gcruinniú sin in 6791/22, 6792/22, 6793/22 agus 6795/22.

6. Is réamhchoinníoll é toiliú Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfar an cinneadh lena n-údarófar do na Ballstáit an Prótacal a dhaingniú. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú an 17 Eanáir 2023 (P9_TA(2023)0002).

7. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh a ghlacadh lena n-údaraítear do na Ballstáit an Prótacal sin a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6438/22 + ADD 1 agus in 14898/21 é.